Suite i sráidbhaile bríomhar Leitir Fraic, is é ATU Chonamara an tlonad Náisiúnta Bairr Feabhais do Dhearadh agus Teicneolaíocht Troscáin. Tá cáil náisiúnta agus idirnáisiúnta ar an ionad i gConamara, agus le fáil ar an gcampas seo tá saoráidí speisialta, foghlaim atá dírithe ar an tionscal agus teagasc den chéad scoth, rud a chiallaíonn go mbíonn céimithe duaisbhuaiteacha á gcur ar fáil a mbíonn deis iontach acu gairmeacha fiúntacha a bhaint amach dóibh féin. Tá ráta fostaíochta na gcéimithe cothrom le 100%.

Timpeallacht Spreagúil

Tá roinnt caiféanna, bialann agus beár deas le fáil i Leitir Fraic, agus tá baile an Chlocháin suite in aice láimhe. Tá seirbhísí bus rialta chomh fada le An Clochán agus Cathair na Gaillimhe ar fáil. Ó tharla go bhfuil Binn Ghuaire agus Páirc Náisiúnta Chonamara le fáil sa cheantar seo, is féidir leat taitneamh a bhaint as suaimhneas Leitir Fraic atá suite feadh Bhealach an Atlantaigh Fhiáin agus deis a thabhairt don timpeallacht seo tú a spreagadh. Tá cinn scríbe áille cois cósta, leithéidí Inis Bó Finne agus An Cloigeann, suite gar do Leitir Fraic freisin.

Lóistín

Is lóistín a tógadh go speisialta do mhic léinn é Áras Ghuaire, atá suite laistigh d'achar siúil ó champas ATU Chonamara. Tá tuilleadh eolais le fáil ag **letterfrackaccommodation.com** Má theastaíonn tuilleadh eolais uait maidir le lóistín príobháideach agus seomraí ar cíos, déan teagmháil le hAontas na Mac Léinn ag **atustudentpad.ie** Tabhair faoi deara go bhfuil an lóistín do mhic léinn faoi úinéireacht agus á reáchtáil ag oibritheoirí príobháideacha, seachas ag ATU.

Ceardlanna Speisialta

Foghlaimíonn mic léinn agus sealbhaíonn siad scileanna i saoráidí den chéad scoth lena n-áirítear trealamh ríomhrialaithe uimhriúil (RRU), teicneolaíocht ghearrtha léasair, muileann sábhadóireachta agus áith thriomaithe, saotharlanna ríomhairí mar aon le bogearraí speisialta dearaidh ríomhchuidithe (DRC), agus raon innealra próiseála adhmaid speisialta eile.

Gradaim

Bíonn ár mic léinn a chuireann isteach ar chomórtais náisiúnta agus idirnáisiúnta ag barr liosta na mbuaiteoirí go minic. I measc na ngradam atá buaite acu tá gradaim dhearaidh agus cheardaíochta, Scileanna Éireann agus Scileanna Domhanda, gradaim d'fhochéimithe, agus gradaim dearaidh adhmaid agus foirgníochta.

Socrúcháin

Cuireann na mic léinn ar fad a bhíonn ag freastal ar an gcampas seo leis an tuiscint atá acu ar a réimse staidéir trí thairbhe a bhaint as deiseanna socrúcháin oibre éagsúla, lena n-áirítear socrúcháin a mhaireann seachtain amháin agus socrúcháin a mhaireann le haghaidh tréimhse bliana. D'fhéadfadh socrúcháin thar lear, maoinithe ag Erasmus+, a bheith san áireamh sna cláir atá dírithe ar an tionscal. Cabhraíonn deiseanna socrúcháin oibre chun cur leis an méid atá ar eolas ag mic léinn trí thaithí phraiticiúil a fháil san áit oibre.

Tá tuilleadh eolais le fáil ag **atu.ie/CAO**





Maigh Eo

Tairgeann campas Mhaigh Eo ATU, atá lonnaithe i mbaile bríomhar Bhaile Chaisleán an Bharraigh, eispéireas fáilteach agus tacúil do mhic léinn. Trí mheascán de shaoráidí nua-aimseartha, teagasc saineolach, deiseanna foghlama praiticiúla agus tuiscint láidir ar an rud is pobal ann, tugtar deis do mhic léinn taitneamh a baint as timpeallacht acadúil den chéad scoth agus, ag an am céanna, tairbhe a bhaint as cultúr saibhir Mhaigh Eo, saol bríomhar i lár an bhaile agus timpeallacht nádúrtha álainn Mhaigh Eo.

Baile Bríomhar

Is é Caisleán an Bharraigh an t-ionad uirbeach is mó i Maigh Eo, áit bhríomhar agus áisiúil do mhic léinn chun cónaí inti agus chun tamall a chaitheamh i mbun staidéir inti. De bhrí go bhfuil neart siopaí, caiféanna, bialann, ionad siamsaíochta, imeachtaí cultúrtha agus saol oíche bríomhar ann is féidir a bheith cinnte go mbeidh imeachtaí taitneamhacha ar siúl i gcónaí ar an gcampas agus taobh amuigh den champas.

Stíl Mhaireachtála Amuigh faoin Aer

Ciallaíonn tírdhreach álainn Mhaigh Eo gur féidir cothromaíocht dheas a chinntiú idir staidéar ar lámh amháin agus caithimh aimsire ar an lámh eile. Is féidir le mic léinn taitneamh a bhaint as conairí siúil deasa agus bealaí siúil sna sléibhte ach oiread le heachtraí cois cósta agus Glasbhealach Mór an Iarthair. Níl deireadh leis na deiseanna atá ag mic léinn a bheith gníomhach agus amuigh faoin aer.

Saoráidí ar an gCampas

Beidh deis acu siúd a bheidh ag triall ar champas Mhaigh Eo taitneamh a bhaint as carachtar stairiúil na háite ach oiread le spásanna foghlama den chéad scoth. I measc na saoráidí atá ar fáil tá saotharlanna scileanna cliniciúla altranais, seomra céadfaí, saotharlann oidhreachta, ríomhlanna, seirbhísí leabharlainne, agus tacaíocht speisialta do mhic léinn. Ní bhíonn an iomarca mac léinn in aon rang, is saineolaithe iad na léachtóirí agus tá béim ar leith á leagan ar fhoghlaim phraiticiúil, rud a chiallaíonn go dtugtar deis do mhic léinn scileanna a shealbhú agus éirí níos muiníní de réir a chéile ionas gur féidir leo gairmeacha a bhaint amach dóibh féin amach anseo.

Lóistín

Tugtar deis do mhic léinn roghanna lóistín a oireann dóibh féin atá gar don champas a roghnú, lena n-áirítear lóistín príobháideach ar cíos, seomraí ar cíos agus lóistín a tógadh go speisialta do mhic léinn. Tá tuilleadh eolais agus liostaí lóistíní le fáil ó Aontas na Mac Léinn ag **www.atustudentpad.ie**

Saoráidí Spóirt

I measc na saoráidí spóirt atá le fáil ar an gcampas tá balla dreapadóireachta faoi dhíon, páirc sacair agus raon reatha. I measc na saoráidí eile atá le fáil in aice láimhe tá linn snámha ina bhfuil ocht lána, cúirt raicéid faoi dhíon agus saoráidí dornálaíochta. Tá cáil ar champas ATU Mhaigh Eo mar cheannaire náisiúnta chomh fada is a bhaineann leis an oideachas eachtraíochta lasmuigh. Tá tránna, aibhneacha, lochanna agus sléibhte le fáil in aice láimhe rud a chiallaíonn go bhfuil deiseanna eisceachtúla ann chun taitneamh a bhaint as neart gníomhaíochtaí lasmuigh difriúla.

Tá tuilleadh eolais le fáil ag **atu.ie/CAO**





An Creagán

Is in An Creagán atá an chéad choláiste talmhaíochta a osclaíodh in Éirinn lonnaithe. Glactar lenár gcampas in An Creagán mar cheann de na hinstitiúidí oideachais is fearr in Éirinn áit a bhfuil cláir éagsúla á dtairiscint lena n-áirítear cláir agraghnó, agrai-innealtóireachta agus agra-eolaíochta. Tacaíonn foireann an Champais seo le hoideachas tréidliachta agus máinliachta tréidliachta freisin.

An Saol in An Creagán

Is baile margaidh atá ag fás é An Creagán ina bhfuil rogha bhreá siopaí, caiféanna, bialann agus tithe tábhairne deasa a mbíonn ceol beo le cloisteáil iontu. Suite 45 km ó chathair na Gaillimhe, tá seirbhísí bus ar fáil gach lá, rud a chiallaíonn gur féidir taitneamh a bhaint as saol na cathrach gan stró. Is féidir taitneamh a bhaint as na siúlóidí coillearnaí áille i nDiméin an Chreagáin, mar aon leis na conairí rothaíochta, láithreacha picnicí agus gnéithe oidhreachta cosúil leis na garraithe daingean, muileann plúir, teach bád agus ceárta.

Lóistín

Tá meascán roghanna lóistín ar fáil do mhic léinn lena n-áirítear lóistín príobháideach ar cíos agus seomraí ar cíos. Má theastaíonn tuilleadh eolais uait, seol ríomhphost chuig **mac@atu.ie** chun liostaí áitiúla a fháil nó déan teagmháil le hAontas na Mac Léinn ag **atustudentpad.ie**
Tabhair faoi deara go bhfuil an lóistín do mhic léinn faoi úinéireacht agus á reáchtáil ag oibritheoirí príobháideacha, seachas ag ATU.

Saoráidí Feirme agus Saotharlainne

Tá infheistíocht shuntasach curtha ar fáil don champas le haghaidh saoráidí teagaisc nua-aimseartha, lena n-áirítear DRC feidhmeach, hiodrálaic agus saotharlanna innealtóireachta. Tugtar deis do mhic léinn tairbhe a bhaint as taithí phraiticiúil ar fheirm oibre ina bhfuil 120 heicteár, áit a bhfuil tréada déiríochta agus diúil, fiontar déiríochta lao-go-mairteoil, tréad caorach mór agus 20 heicteár de thalamh foraoiseachta.

Foghlaim agus Tacaíocht

De bhrí nach mbíonn an iomarca mac léinn in aon rang is féidir aird ar leith a thabhairt ar mhic léinn agus is féidir le léachtóirí tacú le foghlaim ar bhonn duine le duine. Ag cur leis na hacmhainní praiticiúla seo tá saoráidí den chéad scoth le fáil ar an gCampas.
In éineacht lena chéile, cuireann siad bonn láidir ar fáil do mhic léinn san earnáil talmhaíochta agus ullmhaítear iad chun gairmeacha rathúla agus fiúntacha a bhaint amach dóibh féin san earnáil.

Socrúcháin agus Fostaíocht

Glactar le socrúchán oibre mar ghné ríthábhachtach de gach cúrsa céime atá á chur ar fáil ag ATU. Is bealach atá ann chun deis a thabhairt do mhic léinn taithí phraiticiúil a fháil sa tionscal agus a gcuid eolais agus scileanna a úsáid mar chuid den ghnáthshaol laethúil. Sealbhaíonn céimithe go leor scileanna éagsúla rud a chiallaíonn gur féidir leo tairbhe a bhaint as gairmeacha éagsúla san agraithionscal.

Tá tuilleadh eolais le fáil ag **atu.ie/CAO**











Dún na nGall

Tá cáil ar Dhún na nGall mar gheall ar na tránna gleoite atá le fáil ann mar aon leis na siúlbhealaí áille, baile bríomhara agus ar an bhfáilte chroíúil a chuirtear roimh dhaoine ó cheann ceann an chontae, agus ar ndóigh, ní féidir an blas canúnach is áille in Éirinn a ligean i ndearmad. Tá dhá champas ag ATU i nDún na nGall, rud a chiallaíonn go bhfuil nasc á chruthú idir barr feabhais acadúil agus stíl mhaireachtála chompordach, áilleacht nádúrtha iontach agus timpeallacht foghlama thacúil.

Campas Leitir Ceanainn

Suite i gcroílár an bhaile is mó i nDún na nGall, tá rogha mhaith cúrsaí fochéime agus iarchéime á dtairiscint in ATU Leitir Ceanainn a bhaineann le réimsí cosúil le gnó, innealtóireacht, ríomhaireacht, eolaíocht, sláinte, oideachas agus disciplíní cruthaitheacha. Baineann breis is 6,000 mac léinn tairbhe as saoráidí den chéad scoth lena n-áirítear leabharlann iontach, saotharlanna speisialta, seomraí scileanna cliniciúla altranais, ceardlanna innealtóireachta, stiúideonna cruthaitheacha, ríomhlanna, léachtlanna agus spásanna comharfhoghlama. Trína chinntiú nach bhfuil an iomarca mac léinn in aon rang agus go bhfuil neart tacaíochtaí ar fáil do mhic léinn, tugtar deis do mhic léinn tairbhe a bhaint as eispéireas ollscoile atá rannpháirteach agus nasctha.

Campas na gCealla Beaga

Tá cáil idirnáisiúnta ar ATU na gCealla Beaga mar gheall ar bharr feabhais sna healaíona cócaireachta, fáilteachas, turasóireacht agus nuálaíocht a bhaineann le cúrsaí mara. Tá cistineacha oiliúna speisialta, saoráidí fáilteachais, spásanna foghlama turasóireachta, seomraí ranga nua-aimseartha, ríomhlanna agus leabharlann speisialta le fáil ar an gcampas. Baineann mic léinn tairbhe as foghlaim phraiticiúil, socrúcháin tionscail agus naisc láidre le fostóirí tábhachtacha.

Fáilte Chroíúil

Tá cáil ar an radharc tíre álainn, cultúr saibhir agus ardchaighdeán beatha atá le fáil i nDún na nGall. Idir bailte agus sráidbhailte cósta bríomhara, sléibhte, tránna agus Bealach an Atlantaigh Fhiáin, is féidir le mic léinn taitneamh a bhaint as cothromaíocht idir cúraimí acadúla agus eachtraí amuigh faoin aer. Cruthaíonn pobail fháilteacha an réigiúin mar aon le saol ealaíon bríomhar, ceol beo, caiféanna, clubanna spóirt agus imeachtaí cultúrtha, atmaisféar inar féidir le mic léinn dul chun cinn a dhéanamh, go pearsanta agus go hacadúil.

Spórt agus Folláine

Tá ról lárnach ag spórt agus folláine i saol an mhic léinn in ATU Dhún na nGall. Ag an dá champas, is féidir le mic léinn tairbhe a bhaint as saoráidí giomnáisiam, ranganna aclaíochta agus deiseanna caithimh aimsire saor in aisce. Chomh maith leis sin, tá páirc spóirt faoi thuilsoilse le fáil i Leitir Ceanainn mar aon le An Dánlann, ionad nua-aimseartha, ilfheidhmeach spóirt agus seirbhísí do mhic léinn. Beidh tuilleadh saoráidí fós á gcur ar fáil in ionaid spóirt réigiúnacha nua amach anseo mar aon le roinnt páirceanna, saoráidí lúthchleasaíochta agus spásanna traenála faoi dhíon chun tacú leis na mic léinn ar fad beag beann ar a gcumas.

Lóistín

Is é Dún na nGall ceann de na réigiúin is inacmhainne in Éirinn chun a bheith ag cónaí agus ag staidéar ann. Is féidir le mic léinn fanacht i lóistín a tógadh go speisialta do mhic léinn, i dtithíocht roinnte ar cíos, in árasáin agus i seomraí ar cíos. I Leitir Ceanainn agus in Na Cealla Beaga, tá lóistín ar fáil in aice leis an gcampas rud a chiallaíonn gur féidir le mic léinn freastal ar ranganna, úsáid a bhaint as seirbhísí agus as áiseanna áitiúla go héasca.
Tá na roghanna lóistín ar fad faoi úinéireacht agus bainistíocht phríobháideach. Má theastaíonn níos mó eolais uait tabhair cuairt ar atusudonegal.ie.

Foghlaim, Pobail agus Gairm Iontach

In ATU Dhún na nGall cruthaítear nasc idir foghlaim phraiticiúil, rannpháirtíocht sa tionscal agus barr feabhais acadúil chun a chinntiú go mbeidh ar chumas mac léinn tairbhe a bhaint as gairmeacha iontacha. De bhrí nach mbíonn an iomarca mac léinn in aon rang is féidir le mic léinn aithne mhaith a chur ar léachtóirí agus ar phiaraí, agus is bealach iad na socrúcháin oibre, tionscadail fheidhmeacha, aoichainteoirí agus comhpháirtíochtaí tionscail chun a chinntiú go sealbhaíonn céimithe scileanna praiticiúla agus go mbíonn siad sách muiníneach chun díriú ar an saol gairmiúil. Ciallaíonn Aontas na Mac Léinn, clubanna, cumainn, deiseanna oibre deonaí agus spiorad pobail nach féidir a shárú gur féidir le mic léinn taitneamh a bhaint as an am a chaitheann siad ag freastal ar ATU Dhún na nGall ón gcéad lá ar aghaidh.

Tá tuilleadh eolais le fáil ag **atu.ie/CAO**








You can't buy
HAPPINESS
BUT YOU CAN BUY
ICE CREAM
AND THAT'S KIND OF
THE SAME THING


MENU
SERIOUS BURGERS

Sligeach

Le fáil i Sligeach tá meascán díreach ceart de shaol bríomhar an bhaile agus den timpeallacht nádúrtha dhochreidte, rud a chiallaíonn gurb é Sligeach ceann de na cinn scríbe ollscoile is mealltaí in Éirinn. Is anseo atá campas ATU Shligigh agus campas San Aingeal le fáil, rud a chiallaíonn go bhfuil nasc á chruthú sa réigiún idir barr feabhais acadúil, saoráidí nua-aimseartha, neart tacaíochta do mhic léinn agus pobal atá sásta fáiltiú roimh gach duine.

Campas Shligigh

Suite ar champas tírdhreachaithe ina bhfuil 72 acra, díreach cúpla nóiméad ó lár an bhaile, tá beagnach 16,000 mac léinn ag freastal ar ATU Shligigh, iad ag díriú ar dhisciplíní éagsúla agus ar chúrsaí ag leibhéal ardteastais agus ag leibhéal dochtúireachta araon. I measc na saoráidí nua-aimseartha atá le fáil tá saotharlanna innealtóireachta agus eolaíochta feidhmeacha, spásanna do na healaíona cruthaitheacha agus do dhearadh, ríomhlanna, léachtlanna, moil shóisialta, caiféanna agus Leabharlann Yeats. Tá béim ar leith á leagan ar fhoghlaim phraiticiúil, rannpháirtíocht sa tionscal, tionscadail chomhoibríocha, aoichainteoirí agus socrúcháin oibre rud a chinntíonn go sealbhaíonn mic léinn scileanna agus go mbíonn siad sách muiníneach chun gairmeacha iontacha a bhaint amach dóibh féin.

Campas San Aingeal

Suite ar chladach gleoite Loch Gile, achar gearr ó bhaile Shligigh, glactar le campas ollscoile San Aingeal mar cheann de na campais ollscoile is áille in Éirinn. Baineann mic léinn tairbhe as ranganna beaga, timpeallacht foghlama thacúil agus saoráidí speisialta lena n-áirítear seomraí ionsamhlaithe altranais, saotharlanna bia agus eolaíochta, seomraí ilmheán, stiúideonna cruthaitheacha agus Leabharlann McKeown. Is ar an gcampas seo tá an tlonad Barr Feabhais Náisiúnta Eacnamaíochta Baile suite.

An Saol i Sligeach

“Land of Heart’s Desire” a thugtar ar Shligeach de ghnáth, contae inar féidir taitneamh a bhaint as caighdeán beatha eisceachtúil. Is féidir taitneamh a bhain as bia blasta, saol oíche bríomhar, féilte cultúrtha, amharclanna, ceol beo agus pictiúrlann ina bhfuil deich scáileán. Tá oidhreacht shaibhir liteartha agus ealaíne sa chontae. Smaoiníonn daoine ar W.B. Yeats nuair a smaoiníonn siad ar Shligeach agus tá saothair chruthaitheacha fós á spreagadh ag saothar Yeats tríd an earnáil bhríomhar ealaíon agus cultúrtha atá sa chontae.

Sláinte, Spórt agus Folláine

Tá ról lárnach ag spórt i saol na mac léinn in ATU Shligigh. Ag croílár na saoráidí tá Láthair Chnoc na Riabh, ina bhfuil halla spóirt ilfheidhmeach, seomra aclaíochta nua-aimseartha agus stiúideonna aclaíochta speisialta. I measc na saoráidí atá le fáil taobh amuigh tá raon lúthchleasaíochta ocht lána ar chaighdeán idirnáisiúnta, páirc Astroturf 3G faoi thuilsoilse, páirc CLG ar chaighdeán craobhchomórtais agus páirc sacair atá deimhnithe ag CPÉ. Chomh maith leis sin, is féidir le mic léinn taitneamh a bhaint as roinnt saoráidí taobh amuigh den champas ar ráta lascainithe, lena n-áirítear linnte snámha, cúirteanna leadóige, cúirteanna scuaise agus áiseanna caithimh aimsire eile nach iad. Lena chois sin, is féidir tamall a chaitheamh ag surfáil, ag fánaíocht, ag rothaíocht, ag imirt galf agus ag baint taitneamh as spóirt uisce i dtimpeallacht nádúrtha Shligigh.

Lóistín

Tá roghanna lóistín inacmhainne éagsúla le fáil i Sligeach, agus tá na costais mhaireachtála níos ísle ná cathracha ollscoile eile go ginearálta. Is féidir le mic léinn fanacht i sráidbhailte a tógadh go speisialta do mhic léinn, in árasáin, i dtithíocht roinnte agus i seomraí ar cíos. Tá na lóistíní do mhic léinn suite gar don dá champas ach bíonn fonn ar mhic léinn áirithe a bheith ina gcónaí i mbaile Shligigh, An Leathros, An Ros nó sna ceantair mórthimpeall. Tá na roghanna lóistín ar fad faoi úinéireacht agus bainistíocht phríobháideach. Tá eolas maidir leis na roghanna lóistín ar fad le fáil ag atussu.ie.

Foghlaim agus Tacaíocht

Tá spiorad pobail láidir le tabhairt faoi deara i measc na mac léinn sa dá champas. Níl an iomarca mac léinn sna ranganna, tá an cóimheas idir mic léinn agus léachtóirí an-mhaith agus tá baill foirne acadúla agus tacaíochta dhíograiseacha ar fáil ón gcéad lá a mbíonn mic léinn ag triall ar na campais. I measc na seirbhísí cuimsitheacha atá á gcur ar fáil tá tacaíocht acadúil, acmhainní folláine, gairmthreoir, seirbhísí míchumais, clubanna, cumainn agus gníomhaíochtaí Chumann na Mac Léinn, chun a chinntiú go dtacaítear le mic léinn go hacadúil, go sóisialta agus go pearsanta i rith a n-aistir ollscoile.

Tá tuilleadh eolais le fáil ag **atu.ie/CAO**





Saol an Mhic Léinn

Tá níos mó ná staidéar le déanamh nuair a bhíonn mic léinn ag freastal ar an Ollscoil. Tá tábhacht ag baint le heispéiris, spraoi agus caird e. Ar fud ár gcampas ar fad tá neart clubanna agus cumann bisiúil bunaithe agus bíonn neart imeachtaí spóirt agus imeachtaí eile nach iad á n-eagrú chun freastal ar gach mac léinn. Ó tharla go bhfuil spiorad pobail le brath i ngach campas, ní ligeann ár mic léinn a dtaithí ollscoile i ndearmad go deo.

Clubanna agus Cumainn

Is bealach iontach é páirt a ghlacadh i gclub nó i gcumann chun aith ne a chur ar dhaoine atá cosúil leat féin, triail a bhaint as rud éigin nó díriú ar na rudaí is spéis leat. Tá rogha iontach clubanna agus cumann ar fáil. Ina measc seo tá clubanna friosbaí, clubanna mínealaíne, ceoil agus raonrásaíochta carranna. Lena chois sin, bunaítear clubanna agus cumainn nua gach bliain rud a chiallaíonn gur féidir leat club nó cumann nua a bhunú más mian leat. Reáchtáiltear laethanta clubanna agus cumann inár gcampais i rith na bliana ollscoile agus is féidir le mic léinn clárú chun freastal ar an oiread acu agus is mian leo.

Spórt do Chách

Tá ról tábhachtach ag spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil i saol champais ATU. Creidimid gur cheart go mbeadh deis ag gach duine taitneamh a bhaint as imeachtaí spóirt. Tuigimid go bhféadfadh tionchar dearfach a bheith ag imeachtaí spóirt ar shláinte fhisiciúil agus ar mheabhairshláinte daoine. Chuige sin, tá go leor cineálacha spóirt agus gníomhaíochtaí á gcur ar fáil againn atá oiriúnach do dhaoine de gach cumas agus ar spéis leo cineálacha éagsúla spóirt. Is cuma más lúthchleasaí éilíte thú a bhfuil ionadaíocht á déanamh agat ar do chontae nó ar do thír ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta, amaitéarach cumasach ar breá leat am a chaitheamh ag imirt an spóirt is fearr leat nó duine éigin atá ag iarraidh a bheith aclaí agus sláintiúil; beidh spórt nó gníomhaíocht oiriúnach duit ar fáil in ATU.

Aontas na Mac Léinn

Is eagraíocht dhaonlathach atá á rith ag mic léinn ar mhaithe le mic léinn é Aontas na Mac Léinn (AMLATU). Freastalaíonn siad ar chruinnithe tábhachtacha chun a chinntiú go bhfuil mic léinn ag croílár gach cinnidh a dhéantar. Eagraíonn Aontas na Mac Léinn feachtais maidir le ceisteanna tábhachtacha cosúil le meabhairshláinte, sláinte ghnéis agus strus scrúdaithe. Chomh maith leis sin, eagraíonn siad go leor imeachtaí spraíúla chun cabhrú le mic léinn taitneamh a bhaint as an saol ollscoile.

Tá tuilleadh eolais le fáil ag **atu.ie/CAO**





Tacaíochtaí do Mhic Léinn

Is í tacaíocht an ghné is bunúsaí dár bhfealsúnacht. Tá tacaíochtaí acadúla agus mic léinn cuimsitheacha forbartha againn a chiallaíonn gur feidir le mic léinn tairbhe a bhaint as cúnamh saineolach i rith a n-aistir ollscoile. Trína chinntiú go mbíonn ár bhfoirne díograiseacha ar fáil i gcónaí chun tacú le mic léinn, éiríonn linn a chinntiú go mbaineann gach mac léinn barr a gcumais amach.

Tacaíochtaí Acadúla

Tá go leor infheistíochta déanta againn inár saoráidí foghlama agus tacaíochtaí acadúla. Tá tacaíocht nuálach agus chuiditheach le fáil inár leabharlanna nua-aimseartha, ónár dteagascóirí tacaíochta foghlama, teicneolaíocht chúnta, ionaid tacaíochta mhatamaitice agus ionaid scríbhneoireachta acadúla. Soláthraíonn ár seirbhís Rochtana agus Leathnaithe raon tacaíochtaí agus seirbhísí chun cabhrú le mic léinn barr a gcumais oideachais a bhaint amach beag beann ar a gcúlra nó aois. Tairgeann Seirbhís Tacaíochta Míchumais agus Foghlama (STMF) ghairmiúil ATU plean tacaíochta aonair atá bunaithe ar riachtanais shonracha an mhic léinn.

Tacaíochtaí do Mhic Léinn

Ciallaíonn ár gcláir ionduchtaithe agus fáiltithe gur féidir le mic léinn dul i dtaithí ar shaol na hollscoile go héasca agus ar bhealach taitneamhach. Cinntíonn ár bhfoirne ratha mic léinn gur féidir le mic léinn taitneamh a bhaint as na laethanta a chaitheann siad i mbun staidéir in ATU. Soláthraíonn ár seirbhís sláinte saor in aisce sainchúram agus ag obair sa tseirbhís seo tá dochtúirí, altraí, comhairleoirí agus seirbhísí folláine. Tacaíonn an fhoireann séiplíneachta le mic léinn chun díriú ar a bhfás pearsanta agus spioradálta. Tacaíonn ár bhfoirne gairmeacha le mic léinn chun gairm a roghnú agus taitneamh a bhaint as na blianta atá amach rompu. Beidh deis ag mic léinn tairbhe a bhaint as raon tacaíochtaí teicneolaíochta saor in aisce.

Scoláireachtaí agus Sparánachtaí

Tuigimid go mbíonn cúrsaí airgid ag déanamh imní do dhaoine go minic. Chuige sin, cuirimid tacaíocht airgeadais bhreise ar fáil do na céadta mac léinn gach bliain. Tugaimid aitheantas do chumas na mac léinn i réimsí éagsúla, idir torthaí acadúla agus éachtaí spóirt. Chomh maith leis sin, cabhraímid le mic léinn a bhfuil cúnamh airgeadais ag teastáil uathu agus cinntímid go bhfuil ar a gcumas dul chun cinn a dhéanamh.

Tá tuilleadh eolais le fáil ag **atu.ie/CAO**

Tuilleadh eolais

Níl dada níos fearr ná lá a chaitheamh san ollscoile sula dtosaíonn do chúrsa i gceart. Is bealach iontach iad laethanta oscailte chun bualadh le léachtóirí, baill foirne agus mic léinn atá ag freastal ar an ollscoil i láthair na huaire.

Suíomh	Dáta	Am
Cathair na Gaillimhe		
Lá Oscailte (campas Bhóthar Pháirc an Tobair)	Dé Máirt 20 Deireadh Fómhair 2026	11am – 1pm
Lá Oscailte (campas Bhóthar Bhaile Átha Cliath agus Bhóthar Pháirc an Tobair)*	Dé hAoine 27 Samhain 2026	10am – 1pm
Tráthnóna Oscailte (campas Bhóthar Bhaile Átha Cliath)*	Déardaoin 21 Eanáir 2027	6pm – 8pm
Lá Oscailte (campas Bhóthar Bhaile Átha Cliath agus Bhóthar Pháirc an Tobair)*	Dé Sathairn 17 Aibreán 2027	10am – 1pm
Maigh Eo		
Lá Oscailte	Dé Céadaoin 7 Deireadh Fómhair 2026	10am – 12pm
Lá Oscailte	Dé Céadaoin 10 Márta 2027	10am – 12pm
Conamara		
Lá Oscailte	Dé hAoine 20 Samhain 2026	11am – 1pm
Lá Oscailte	Dé Sathairn 13 Márta 2027	11am – 1pm
An Creagán		
Lá Oscailte	Dé Céadaoin 30 Meán Fómhair 2026	10am – 12pm
Lá Oscailte	Dé Céadaoin 3 Márta 2027	10am – 12pm
Dún na nGall*		
Lá Oscailte (campas Leitir Ceanainn)	Déardaoin 12 Samhain 2026	10am – 1pm
Lá Oscailte (campas Leitir Ceanainn)	Dé Sathairn 14 Samhain 2026	10am – 1pm
Tráthnóna Oscailte (campas Leitir Ceanainn)	Dé Céadaoin 20 Eanáir 2027	4pm – 6.30pm
Tráthnóna Oscailte (campas Leitir Ceanainn)	Déardaoin 6 Bealtaine 2027	4pm – 6.30pm
Sligeach agus Campas San Aingeal*		
Lá Oscailte (campas San Aingeal)	Déardaoin 22 Deireadh Fómhair 2026	10am – 12pm
Lá Oscailte (campas Shligigh)	Déardaoin 5 Samhain 2026	10am – 1pm
Lá Oscailte (campas Shligigh)	Dé Sathairn 7 Samhain 2026	10am – 1pm
Tráthnóna Oscailte (campas Shligigh)	Dé Máirt 26 Eanáir 2027	6pm – 8pm
Lá Oscailte (campas Shligigh agus campas San Aingeal)	Dé Sathairn 24 Aibreán 2027	10am – 1pm

*Beidh ionadaithe ó gach campas sa réigiún seo i láthair

Déan teagmháil linn

Tá ár bhfoireann, a bhfuil neart taithí aici, ar fáil chun tacú le mic léinn, tuismitheoirí, caomhnóirí, múinteoirí agus treoirchomhairleoirí. Beidh baill na foirne seo in ann ceisteanna maidir le cláir, lóistín, riachtanais iontrála, cosáin agus neart eile a fhreagairt. Oibríonn an fhoireann seo le scoileanna freisin chun cuairteanna, cainteanna, imeachtaí gairme, ceardlanna faoi ábhair ar leith, blaslaethanta agus neart eile a eagrú.



Jacqueline Mellett

Oifigeach Teagmhála Scoileanna
Ríomhphost: jacqueline.mellett@atu.ie
T: 071 93 05982
Fón Póca: 087 930 0057



Aoibhinn Fox

Oifigeach Rannpháirtíochta Scoileanna
Ríomhphost: aoibhinn.fox@atu.ie
T: 071 93 05062
Fón Póca: 086 172 5197



Victoria Wilson

Oifigeach Rannpháirtíochta Scoileanna
Ríomhphost: victoria.wilson@atu.ie
T: 074 91 86104
Fón Póca: 086 204 2587



Orla Seery

Oifigeach Rannpháirtíochta Scoileanna
Ríomhphost: orla.seery@atu.ie
T: 071 93 05118
Fón Póca: 086 308 2561



Marykate O'Connor

Oifigeach Rannpháirtíochta Scoileanna
Ríomhphost: marykate.oconnor@atu.ie
T: 071 93 05648
Fón Póca: 086 170 0703



Seán Kelly

Oifigeach Rannpháirtíochta Scoileanna
Ríomhphost: sean.p.kelly@atu.ie
T: 071 91 79612
Fón Póca: 087 928 0852



Christina Cuffe

Oifigeach Rannpháirtíochta Scoileanna
Ríomhphost: christina.cuffe@atu.ie
T: +353 (0) 74 91 86108
Fón Póca: +353 (0) 86 204 2588



Leona Barron

Oifigeach Tacaíochta Margaíochta (Printíseachtaí)
Ríomhphost: leona.barron@atu.ie
T: 074 91 86048
Fón Póca: 086 834 8860



Fiona Kelly

Bainisteoir Margaíochta
Ríomhphost: fiona.kelly@atu.ie
T: 074 91 86105
Fón Póca: 086 338 0963

Mol CAO

Faigh níos mó eolais faoi gach clár, faigh eolas faoi shaol an mhic léinn, cláraigh chun freastal ar lá oscailte agus chun neart eile a dhéanamh.

Scan an cód QR chun dul chomh fada lenár Mol CAO.

Réamheolaire MyATU

Scan an cód QR chun do réamheolaire pearsanta a chruthú **prospectus.atu.ie**

Déan teagmháil linn Ar Líne

Más mian leat an t-eolas CAO is déanaí a fháil téigh go dtí **atu.ie/CAO** agus lean ATU ar na meáin shóisialta

Ollscoil
Teicneolaíochta
an Atlantaigh

Atlantic
Technological
University



atu.ie/cao
cao@atu.ie

Nuair a bhíonn tú réidh leis an Treoir Mhearthagartha seo is féidir leat í a athchúrsáil.